LÍONRA UM THAISTEAL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH

# Bóthar Ghort na nGrás go hAscaill Vernon

## Scéim Siúil agus Rothaíochta






## IMEACHT EOLAIS POIBLÍ

**DÉARDAOIN 26 MEÁN FÓMHAIR 5.30-7.30PM**

Cuirfear lánaí rothar cosanta ar fáil faoi Scéim Siúil agus Rothaíochta Bhóthar Ghort na nGrás go hAscaill Vernon sa dá threo, agus cuirfear feabhas ar áiseanna iomadúla do choisithe feadh an bhealaigh 2.5km, feadh Bhóthar Ghort na nGrás, Ascaill Choill an tSrutháin, Bhóthar Chnoc Shibéal agus Ascaill Vernon.

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí neamhreachtúil i mí Iúil agus Lúnasa anuraidh, agus tugtar an scéal is déanaí sa bhileog eolais seo maidir leis na príomhathruithe a rinneadh ar an dearadh ó shin.

Ghlac an fhoireann deartha leis an aiseolas ón bpobal agus rinne siad roinnt leasuithe ar na dearaí, de réir mar ba chuí. Rinneadh athruithe breise i gcomhréir le Lámhleabhar Deartha Rothaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair.





**Tá deireadh curtha leis an bpróiseas comhairliúcháin anois agus tá míle fáilte roimh bhaill an phobail freastal ar imeacht eolais in Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ard Aidhin – an Chúlóg, 55 Bóthar Ghort na nGrás, Domhnach Míde, Ard Aidhin, Co. Bhaile Átha Cliath, D05 V1Y2, Déardaoin 26 Meán Fómhair ó 5.30 go 7.30pm.**



# PRÍOMHSHONRAÍ

Rinneadh trí athrú thábhachtacha ó reáchtáladh an comhairliúchán in 2023:

### Feabhas ar Acomhal Bhóthar Bhinn Éadair

- Tá sé beartaithe feabhas a chur ar acomhal Bhóthar Bhinn Éadair a bhfuil comharthaí ann agus acomhal cosanta atá oiriúnach do rothaithe a dhéanamh de. Beidh na castaí póca ar dheis ann i gcónaí. Cinnteoidh an dearadh nua go mbeidh an t-acomhal ag feidhmiú go héifeachtach mar is gnách agus ceadófar bealach sábháilte siúlóide do dhaoine a bhíonn ag siúl agus ag rothaíocht tríd an acomhal.

### Bóthar Chnoc Shibéal (Raon Rothar Dhá Threo)

- Tá sé beartaithe go gcuirfear raon rothar nua dhá threo isteach ar an taobh thiar de Bhóthar Chnoc Shibéal. Bhí raonta rothar aontreo ar dhá thaobh an bhóthair i gceist sna chéad mholtaí dearaidh. Coinneofar an pháirceáil sráide leis na bánna páirceála marcáilte ar an taobh thoir den bhóthar. Is éard atá i gceist leis an dearadh leasaithe ná an dá bhá páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a choinneáil ar an taobh páirceála (an taobh thoir) de Bhóthar Chnoc Shibéal.

### Feabhsúcháin Bhreise

- Cuirfear feabhas ar acomhail eile feadh an bhealaigh go mbeidh sé níos éasca agus níos sábháilte iad a thrasnú do dhaoine a bheidh ag siúl agus ag rothaíocht ann. Chomh maith leis sin, rinneadh athruithe ar Stadanna Bus feadh an bhealaigh de réir Lámhleabhar Deartha Rothaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair. Beidh tuilleadh tírdhreachaithe agus duilliúir feadh an bhealaigh freisin.

Féach tuarascáil an chomhairliúcháin phoiblí, ina dtugtar cur síos ar na freagraí ón Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ar na príomh-mholtaí / ábhair imní a luadh le linn an chomhairliúcháin phoiblí.









# SONRAÍ AN TIONSCADAIL

Is féidir tuarascáil an chomhairliúcháin phoiblí agus líníochtaí athbhreithnithe an tionscadail a fheiceáil i Leabharlann Ráth Eanaigh, Bóthar Bhinn Éadair, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 5, D05 VY99, ar feadh na míosa seo. Tá siad ar fáil ar leathanach gréasáin na scéime chomh maith.